**Bilingual Report**



**Ullmhaithe ag | Donncha Ó Duinnín**

**Le haghaidh | Údarás na Gaeltachta agus Comharchumann Forbartha Mhúscraí**

**Éanair 2023**

**--------------------**

**Prepared by | Donncha Ó Duinnín, Réidh na nDoirí**

**For | Údarás na Gaeltachta and Comharchumann Forbartha Mhúscraí**

CLÁR


1. Na Rannpháirtithe
2. Luachanna
3. Réamhrá
4. An Ceantar Feidhme
5. Ról Údarás Na Gaeltachta
6. Ról An Eagrais Forbartha
7. An Státchóras Agus An Plean
8. Spriocanna An Phlean Agus Chaoi Lena Úsáid

   Spriocréimse 1 | Teanga, Cultúr & Na hEalaíona

   Spriocréimse 2 | Turasóireacht

   Spriocréimse 3 | An Ghaeltacht Ghlas, Fuinneamh Inathnuaite

   Spriocréimse 4 | Fiontraíocht, Seirbhísí, & Infreastruchtúr

   Spriocréimse 5 | Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna

   Spriocréimse 6 | Folláine

   Spriocréimse 7 | Margaíocht

   Ráiteas Deiridh

# 1| NA RANNPHÁIRTITHE

**81** Rannpháirtí **242** Smaoineamh **70** Moladh

| | | |
|---|---|---|
| Helen Uí Loingsigh | Gobnait Ní Mhuimhneacháin | Máire Uí Mhurchú |
| Eibhlín Uí Loingsigh | Diarmuid Ó Loingsigh | Bridie de Búrca |
| Marie Uí Loingsigh | Cian Ó Duinnín | Síle Ní Chuana |
| Bríd Uí Chinnéide | Nealy Ó Brian | Siobhán Ní Mhuimhneacháin |
| Caoimhín Ó Buachalla | Máire Uí Bhriain | Gearóid Ó hÉalaithe |
| Eibhlín Ní Lionaird | Jerry Mc Bride | Aindreas Ó Muimhneacháin |
| Iarlaith Ó Tuama | Caroline Ní Nualláin | Karena NicCarthaigh |
| Rachel Ní Riada | Cathal Ó Riada | Sam Morton |
| Austin Twomey | Fiona Coombs | Máire Ní Dhuinnín |
| Diarmuid Ó hÉalaithe | Séamus Ó Suilleabháin | Liam Shorten |
| Ailse Uí Shuilleabháin | Concubhar Ó Liathain | Seán Óg Ó Duinnín |
| Peadar Ó Riada | Peadarín Ó Lionáird | Máire Uí Mhurchú |
| Tomás Ó hAodh | Dónal Ó Laoire | Bridie de Búrca |
| Tim Twomey | Risteard Ó Croinín | Síle Ní Chuana |
| Irene Ní Mhurchú | Diarmuid Ó Duinnín | Eamonn MacSuibhne |
| Tomás Ó Murchú | Sue Morton | Coiste Gaoluinne, Scoil Mhuire |
| Mary Uí Riordáin | Coiste Ghaoluinne, Coláiste Ghobnatan | Siobhán Uí Luasa |
| Siobhán Uí Mhochán | Niall Ó Luasa | Gearard Lynch |
| Liam Ó Conaill | Andy Scannell | Máire Ní Chróinín |
| Sarah Uí Chárthaigh | Cathal Ó Conaill | Micheál Mac Suibhne |
| Ian MacEochagáin | Eileen Kelleher | |
| | | |

# 2| LUACHANNA

## MEITHEAL - MÓRTAS MHÚSCRAÍ – POBAIL - DÍOSGRASACH - FUINNIÚIL

Teastaíonn fuinneamh an phobail agus tacaíochtaí an Stáitchórais chun uaillmhian a thabhairt chun críche. Tá pobal an cheantair tiománta, feabhas a chur ar a n-áit dúchais. Is é an moladh is láidire a bhí le clos ón gcomhairliúchain seo ná go bhfuil caidreamh agus comhluadar riachtanach. Moltar maoiniú agus tacaíochta breise a chur ar fáil chun na himeachtaí agus hócáidí seo a fhorbairt. Tá tabhacht ar leith ag baint leis an bplean seo a chur i bhfeidhm chun pobal láidir Gaeltachta a thacú. Céiliúrtar cultúr, stair agus teanga. Tá moltaí fairsinge tugtha chun tacú le caobhnú agus forbairt mar teanga labhartha an cheantair.

Tá sé sóiléir ón éileamh atá tagtha ó Chomharchumann Forbartha Mhúscraí, agus ó chomhoibriú Údarás na Gaeltachta in ullmhú an phlean seo, go bhfuil an toil ann spriocanna an phlean a bhaint amach.

Tá daoine áitiúla airdeallach agus buíoch as an dul chun cinn atá déanta ar phleananna an cheantair go dtí seo. Faraor, ardaíodh ceisteanna maidir le infheistiú agus maoiniú sa cheantar. Lorgaíonn pobal an cheantair aird a dhíriú ar infrastrúchtúr agus fhíontraíocht. Léirítear ag cruinnithe poiblí go raibh moltaí tugtha cheana féin nuair a bhí comhairliúcháin déanta do phleanann eile comisiúnithe ag Comhaire Chontae Chorcaí, Comharchumann Forbartha Mhúscraí i dteannta le hUdarás na Gaeltacht. Tá daoine an cheantair dóchasach go dtapódh an Plean Gníomhaíochta 5 bliana a mianta agus moltaí. Níl aon cheist ach go mbeidh gá le hacmhainní agus tacaíocht Stát chun go mbeidh toradh ar an toil seo.

Is ceart múintir na háite a choimead ar an eolas faoi spriocanna bainte amach ón bplean seo. Tá dul chun cinn agus forbairtí le tuairisciú agus a fhoilsiú sna nuachlitreachta a bheidh le teacht chun a theaspáint go bhfuil dul chun cinn déanta ar an bplean gníomhaíochta agus go mbeidh mianta agus moltaí geallshealbhóirí uile an cheantair ag fáil aischuir ón ionchur a deineadh sa phlean.

# 3| RÉAMHRÁ

Foilsíodh trí phlean cuimsitheach do cheantar Mhúscraí; Plean Teanga Mhúscraí, (2017), Plean Oidhreachta Mhúscraí, (2018), Plean Ghníomhaíochta Turasóireachta (2022). Cludaíonn na pleananna seo réimse leathain ábhair a bhaineann le caobhnú, forbairt agus feabhsú an cheantair. Tacaíonn na pleananna thuas leis an obair atá molta sa phlean ghníomhaíochta seo. Forbaíonn na pleanann thuas luaite ar féidireachtaí uile agus spriocanna iomlána, fiúntachta, indéanta do thodhchaí Mhúscraí ar an iomlán.

Is é fís an Phlean Teanga… "Sí an aidhm atá laistiar den Phlean Teanga seo ná borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge sa limistéar, le tacaíocht agus rannpháirtíocht níos forleithne ón bpobal." (1, http://muscrai.org/an-phleanail-teanga/). Bailíodh moltaí cuimsitheacha. Is astu san a tháinig na bearta atá idir lámha ag Oifig Oifigeach Pleanála Teanga. Choimisiúnaigh Comhaire Contae Chorcaí in éineacht leis an Acadamh Fodhla an Plean Oidhreachta Mhúscraí, Plean Caomhnaithe, bainistiú agus léirléamh 2018-2032. Léiríodh aisling an togra mar: "…áit eisceachtúil fíor-bheo, fuinniúil é Múscraí. Is áit é ina bfhuil [sic] caractéir na ndaoine agus an tírdhreach fite fuaite trina chéile, agus idir-fhite ar a chéile chomh maith. Tagann athraithe de shíor. Is chun cabhrú le Muintir Mhúscraí bainistiú do dhéanamh ar na h-athraithe sin agus cosaint do dhéanamh ar na gnéithe súntasacha sa réigiún ina gcónaíonn said, is cúram don doiciméid seo. Samhlaíotar go gcabhróigh an doiciméid seo leis an nGaeltacht a dhéanamh níos fearr mar áitreabh maireachtála, ionad oibre nó chun teacht ar cuaird chuige". (4, https://www.corkcoco.ie/en/resident/heritage-and-conservation/a-heritage-plan-for-the-muscrai-gaeltacht)



Tá an Plean Gníomhaíochta Turasóireachta coimisiúnaithe ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí agus foilsíodh é sa bhliain 2022. Tá Oifigeach Turasóireachta nua-cheaptha de dheasca an phlean seo. Tugadh an dearcadh céanna sa phlean seo agus is é aidhm an phlean gníomhaíochta Turasóireachta seo ná a chinntiú go bhfuil an réigiún á fhorbairt mar cheantar sármhaith maireachtála, oibre agus dá bharr, réigiún lonrach chun teacht ar chuairt. (http://muscrai.org/experience-gaeltacht-mhuscrai/)

D'fhostaigh Comharchumann Forbartha Mhúscraí, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltacht Donncha Ó Duinnín, Réidh na nDóirí chun an plean seo a ullmhú ar a son. Is é sprioc uileghabhálach an Chomharchumainn ná go mbeadh ionchur an phobail lárnach san obair chríochnaithe. Tá sé i gceist, go n-úsáidfí an plean gníomhaíochta 5 bliana mar achmhainn chun bearta, moltaí agus tuairimí an phobail a bhailiú agus a chur in ord tosaíochta. Spreagtar, leis an bplean, fócas ar mhianta an phobail.

Bailíodh moltaí an phobail ag úsáid modheolaíochtaí éagsúla. Tagann an 70 moladh atá sa phlean seo as an 242 smaoineamh a bhí molta ag 81 rannpháirtí a ghlac páirt sa phróiseas agallaimh, cruinnithe poiblí, Suirbhé ar line, cuairt ar mheánscoileanna a bhí mar chuid den obair ullmhúcháin don phlean. Tionóladh cúig chruinniú poiblí sna bailte i Múscraí; Réidh na nDóirí, Cúil Aodha, Béal Átha an Ghaorthaidh, Cill na Martra agus Baile Mhuirne/Baile Mhic Íre. Tugadh cuairt ar Choláiste Ghobnatan agus Scoile Mhuire ina raibh na coistí Gaoluinne toiltneach a moltaí a roinnt. Leis an bhfeachtas seo a mhíniú don phobail, cruthaítear pacáiste fístéipe ina dtugadh cur síos ar na trí phlean agus an dul chun cínn atá déanta iontu.

Tagann na smaointí maidir le conas go bhféadfaí na moltaí a spreagadh agus cé a bheadh freagrach as a ndul chun cinn ón ngrúpa oibre a d'ullmhaigh an plean. Tugadh cur síos suntasach i leith spreagtha agus cuntasachta na moltaí seo sna pleanann thuas luaite. B'fhiú iniúchadh a dhéanamh ar na cáipéis san chun tacú leis na moltaí sa doiciméid seo a chur i gcrích.

# 4| AN CEANTAR FEIDHME

Tá Gaeltacht Mhúscraí suite 48km siar ó Chathair Chorcaí ar an teorann le Ciarraí.  Tá an ceantar mar fho-thacair de cheantar Bardasach Mhaigh Chromtha. Tá Maigh Chromtha ainmnaithe mar bhaile seirbhíse don Ghaeltach, ina bheidh próiseas pleanála teanga le tosnú go luath. (https://gaelphobal.ie/gaeltacht-towns/maigh-chromtha/?lang=ga).  Tá achar talaimh de 255$km^2$ ag Gaeltacht Mhúscraí.  De réir daonáirimh 2016, tá daonra de 3,785 sa cheantar.  Tá sráidbhaile Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre ar an lonnaíocht is mó sa cheantar.  Téann príomhbhóthar náisiúnta an N22 tríd an tsráidbhaile.  Tátar ag súil le seachbhóthair a oscailt sa bhliain 2023.  Is é Béal Átha an Ghaorthaidh an dara áitreabh is mó sa cheantar. Áitreabh suntasacha eile ná Réidh na nDóirí, Cill na Martra agus Cúil Aodha.

Suite sa cheantar, tá seirbhísí luathoideachais á stiúradh ag Comharnaonraí na Gaeltachta, bunscoileanna agus meánscoileann faoi stiúr an Bord Oideachis agus Oiliúna Chorcaí.  Feidhmíonn na scoileann uile trí Ghaoluinn agus Pleanann Oideachais Gaeltachta forbartha agus faoi lán seoil.  Freastalaíonn an dhá mheánscoil; Coláiste Ghobnatan, Baile Mhic Íre agus Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh ar dhaltaí ón bpobal áitiúil agus lasmuigh den cheantar Gaeltachta.  Mar sin cláraíonn daltaí ó bhunscoileann T1 agus T2.  Tá cúig bunscoil sa cheantar; Scoil Náisiúnta, Réidh na nDoirí, Scoil Lachtain Naofa, Cill na Martra, Scoil Chúil Aodha/Barr d'Inse, Scoile Abán Naofa, Baile Mhic Íre agus Scoil Fionnbarra, Béál Átha an Ghaorthaidh.  Leanann formhór daltaí daraleibhéal ar aghaidh go breisoideachas nó tríú leibhéal.

Tá cultúr gaelach saibhir agus ag dul ó neart go neart le maoiniú agus infheistíocht ama ag coistí áitiúla.  Is dea-shampla é an scéim Aisligh Gheal sa cheantar a chuireann ranganna amhránaíochtaí ar an sean nós ar fáil.  Múineann amhránaithe áitiúla amhráin áitiúla, traidisiúnta do dhaoine óga agus dhaoine fásta.

Tá cultúr láidir spóirt sa cheantar, san áireamh tá; Cumann Peile Chill na Martra, Cumann Peile Naomh Abán, Cumann Peile Béal Atha an Ghaorthaidh, Réigiún na Gaeltacht, Bólchumann na hÉireann,  Peileadóírí an tSuláin, Cumann Iomána Laochra Óg, Ealaín chomhraic éagsúla mar aon le himeachtaí spóirt eile.

Ní féidir infreastruchtúr an cheantair a lua gan trácht ar Údarás na Gaeltachta. Tá fo-oifig an Údaráis lonnaithe i mBaile Mhic Íre. Tá eastáit tionsclaíochta agus páirceanna gnó ag an Údarás i mBaile Mhúirne/Baile Mhic Íre agus i mBéal Átha an Ghaorthaidh, mar aon le neart chliant-chomhlachtaí, a chuireann go mór le forbairt na fiontraíochta agus na fostaíochta sa limistéar.

# GAELTACHT MHÚSCRAÍ



# 5| RÓL ÚDARÁS NA GAELTACHTA

"Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe." (Suíomh Údarás na Gaeltachta)

Údarás na Gaeltachta

B'fhiú dúinn tacaíochtaí Údarás na Gaeltachta a mholadh agus a chéiliúradh as ceantar bríomhar i leith na fiontraíochta, an chúltúir, agus teangan a neartú I Múscraí. Tá taithí, saineolais leathain, fiúntach, ann a bheidh riachtanach chun na moltaí sa doiciméid seo a chur i gcrích.  B'fhiú na tacaíochtaí seo a daingniú agus an dea-chleachtas aitheanta a fháiltiú ar mhaithe le Múscraí.

De réir suíomh idirlín Údarás na Gaeltachta, "In 2019, bhí 699 duine fostaithe go lánaimseartha i gcliant-tionscadail de chuid Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Mhúscraí."  Tá infheistiú ag teastáilt i bpáirc Gnó Béal Átha na Ghaorthaidh agus sa Estáit tithíochta chun fíontraíocht a mheall thar n-ais chun na háite.

Tá cuspóir Údarás na Gaeltachta leagtha amach ina bPlean Straitéiseach, 2021-2025.  Is iad téamaí na straitéise seo ná; Cumasú, Neartú agus Inbhunaitheacht.  Tacóidh an straitéis go mór le moltaí an phlean seo agus an pobal a cheapadh na moltaí a chumasú chun forbartha.  Tagraítear i stráitéis an Údaráis go bhfuil "...tábhacht ar leith le glúin óg a spreagadh agus a chumasú le bheith ina gceannairí amach anseo. Is féidir sin a bhaint amach trí thimpeallacht, áiseanna agus scileanna a fhorbairt..." (18, Údarás na Gaeltachta, Strategic Plan 2021-2025).  Tá ionchur daoine óga sna pleanann riachtanach agus comhairliúcháin faighte ó Choistí Gaoluinne sna meánscoileanna maguird do Phlean Gníomhaíochta Mhúscraí.  Is léir go bhfuil tograí sa phlean seo ina bhfuil infheistíochta ag teastáil, ní hamháin san, tá maoiniú á lorg sa cheantar chun infreastrúchtúr a fhorbairt agus a fheabhsú.

# 6| RÓL COMHARCHUMANN FORBARTHA MHÚSCRAÍ

**"Ag gníomhnú ar son Gaeltacht beo bríomhar".**
**"Go ndéanfar gach forbairt le saibhreas agus cruthaitheach ár dteanga."**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Bunaíodh Comharchumann Forbartha Mhúscraí in 2008 le maoiniú ó Údarás na Gaeltachta.
Tá cúig chlár ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí; Gnó Mhúscraí, Guth Mhúscraí, Grá Mhúscraí, Múscraí Glas, Pobal Mhúscraí. Tá togha na hoibre déanta ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí le blianta anuas ag tacú le gnóthlachtaí, coistí agus pleananna an cheantair a chur chun cinn. Tá cumarsáid mhaith ag an gComharchumann le heagrais stáit agus tá go leor de na tograí seo á bhforbairt i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, Comhairle Contae Chorcaí agus rannta stáit eile. Tá bainisteoir an chomharchumainn i gceannas ar Gteic, Béal Átha an Ghaorthaidh agus is ansan atá oifigí an chomharchumainn lonnaithe. Tá feachtas, i meas go leor eile, i mbun chun líon gnó sa Gteic a fhorbairt agus Claochlú Digiteach a chur i bhfeidhm ar leas an phobail.

Tá Guth Mhúscraí i mbun forbairtí teangan. Stiúraíonn coiste comhairle Pleanála Teanga an clár. Tá Plean Teanga Mhúscraí faoi lá seoil agus luach saothar le feiscint ar fud an cheantair agus an obair díograiseach atá idir lámha go leanúnach ag an Oifigeach Pleanála Teanga. Cuirfear cúrsaí agus ranganna ar fáil do dhaoine áitiúla chun Gaoluinn na háite a neartú.

Foilsíodh Plean Turasóireacht i 2022 faoin gclár Grá Mhúscraí agus tá roinnt mhaith de na spriocanna a foilsíodh á ullmhú fé láthair agus roinnt eile déanta cheana féin faoi stiúr Meitheal Turasóireachta Mhúscraí. Tá brandáil úr nua cruthaithe ar mhaith le margaíocht an cheantair. Fostaíodh Oifigeach Turasóireacht, faoi scáith an chomhairchumainn, a rachaidh i mbun oibre ar an bplean gníomhaíochta turasóireacht agus na moltaí a thagann as an bplean gníomhaíochta seo.

Tá Múscraí Glas ag iarraidh saol inbhuanaithe a fheabhsú sa cheantar. Eagraíodh ceardlanna chun scéimeanna agus deontais a chur os comhair an phobail leis an gclár Múscraí Glas maidir le uasghrádú fuinnimh &rl. Tá taighde agus réamh obair déanta ar Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haighaidh Geilleagar Ciorclach, agus Plean Fuinnimh. Tugann an Comharchumann, leis an gclár, Pobal Mhúscraí, cúnamh agus tacaíocht pé slí is féidir do na grúpaí pobail agus coistí deonacha atá gníomhach sa cheantar áitiúil. Forbraítear Gaoluinn agus cuirtear tacaíochtaí i dtaobh na Gaoluinne chun tosaigh ach go háirithe. Tugtar cúnamh do scéim sóisialta tuaithe, Clubanna óige mar aon le fiontraíocht shóisialta sa cheantar. Tá ról comhordaithe tabhachtach ag an

leibheal áitiúil mar aon le bheith ag tacú páirithe  uile.  Tá an Comharchumann tiománta i dtreo na moltaí, sa phlean gníomhaíochta seo, a fhorbairt, a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú ar mhaithe le pobail, teanga agus spriod Gaeltacht Mhúscraí.

# 7| AN STÁTCHÓRAS & AN PLEAN

Tá pleananna straitéiseacha forbartha sa Státchóras, le tamall anuas, a thacóid le tionchar dearfach agus toradh fabhrach i leith an phlean seo.  I measc na pleananna straitéiseach san tá; Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann – Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Léirítear ar leathanach 7 den Bheartas seo faoin "Borradh a bheith faoi cheantar thuaithe na hÉireann atá lárnach dár bhfolláine agus forbairt náisiúnta eacnamaíochta, shóisialta, cultúir agus timpeallachta, atá tótha ar an idirspleáchas atá ag ceantair uirbeacha agus tuaithe, agus a aithníonn lárnacht na ndaoine, an tábhacht atá le háiteanna tuaithe beomhara a bhfuil cónaí iontu, agus an poitéinseal atá iontu poist ar ardchaighdeán a chruthú agus ár dtimpeallacht roinnte a chothú an Fhís atá againn."

D'úllmhaigh an Comhairle Contae Chorcaí an Plean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028.  Tá Comhairle Contae Chorcaí, i bpáirt le Researcha and Dig agus Acadamh Fódhla tar éis plean oidhreacht a fhoilsiú a tacóidh go mór leis na moltaí sa cháipéis seo a chur i gcrích agus béim ar chultúr agus teanga.

"Tá úsáid leanúnach na teangan Ghaoluinne ar fud na Gaeltachta mar bhunchúis rí-thábhachtach i gcoimeád an traidisiúin Ghaelaigh in amhránaíocht, i bhfilíocht, i rince, i scéalaiocht agus i gceol. Ní mór an Ghaoluinn a choimeád mar an príomh theanga, agus é seo a bheith mar phríomh aidhm ag aon phlean a bhaineann le h-oidhreacht dholáimhsithe." (52, Plean Oidhreachta Mhúscraí, 2018)

Is é Misean Údarás na Gaeltachcta ina bPlean Stráitéiseach 2021-2025 ná "Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú, arb í an Ghaeilge a phríomhtheanga, agus ina bhfuil caighdeán saoil den chéad scoth ar fáil, idir fhostaíocht, shochaí agus chultúr."

Is cosúil go bhfuil dioscúrsa dearfach i leith na Gaoluinne agus ceantair iargúlta sa stáitchóras agus go bhfuil luach spéisialta bainteach le Gaeltacht Mhúscraí aitheanta.

# 8| SPRIOCANNA AN PHLEAN & CONAS É A ÚSÁID

Leiríodh patrún coitianta de théamaí ag eascairt as an bpróiséis comhairliúcháin. Roinneadh na moltaí i bhfo-chatagóir straitéiseacha a thacódh le hiad a scarúint ar mhaithe le chur i bhfeidhm. Ainmnítear eagrais éagsúla chun freagracht a ghlacadh ar mholtaí éagsúla. Tá seacht spriocréimse sa phlean ghníomhaíochta;

| | |
|---|---|
| 1)Teanga, Cultúr & na hEalaíona | 4) Fiontraíocht, Seirbhísí, & Infreastruchtúr |
| 2)Turasóireacht | 5) Seribhísí Oideachais & Oiliúna |
| 3) An Ghaeltacht Ghlas, Fuinneamh Inathnuaite | 6) Eispearas Socheolaíochta |
| | 7) Margaíocht |

Tátar ag súil go mbeidh na moltaí sa phlean seo curtha i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana, ag brath ar chúinsí agus riachtanais éagsúla, a bhaineann le gníomhaíochtaí ar leith. Leagfaí eochair ar an bplean seo a stiúrfaidh clár ama do na moltaí uile.

Gearrthéarmach – Go mbeidh sé ina sprioc an moladh a bheith curtha i bhfeidhm lastigh de bhliain go leith ó seoladh an phleain.

Meántéarmach – Go mbeidh sé ina sprioc an moladh a bheith curtha i bhfeidhm lastigh de thrí bhliain ó seoladh an phleain.

Fadtéarmach – Go mbeidh sé ina sprioc an moladh a bheith curtha i bhfeidhm lastigh de cúig bliain ó seoladh an phleain.

Is é príomhchuspóir an phlean seo ná Múscraí a fhorbairt, le hionchur pobal na háite, a fhágfadh go mbeidh an ceantar níos fearr chun maireachtaint anseo, obair anseo agus suim a mhúscailt mar cheantar turasóireachta. Tá cultúr agus teanga na háite mar bhunchloch treisithe go bhfuilimid in ann seasamh air. Forbraítear deiseanna cainte, foghlama agus feabhais ina threiseofaí cumas agus líofacht na Gaoluinne sa cheantar.

Is fiú spriod na ndaoine a thacú ar mhaithe le feabhsúcháin uile an cheantair. Is cinnte go bhfuil an pobal eolach agus tiománta i leith feabhsúcháin sa cheantar. Tá coistí deonacha mar bhonn chloch ar an bplean seo a bhaint amach. Níl éinne, ná aon ghrúpa níos fearr in oiriúnt chun na moltaí sa phlean ghníomhaíochta seo a thiomáint ná muintir na háite iad féin. Tá ról agus áit do gach duine sa cheantar, chun tacú leis an bplean gníomhaíochta seo, idir óg agus daoine le taithí fada an tsaoil, taithí gur féidir leo a roinnt le ceannairí todhchaí na háite. Tá an stáitchóras spreagtha i leith na feabhsúcháin seo, atá léirithe ina bpleananna stráitéiseacha. Is leis na tacaíochta seo, eagrais áitiúla mar aon le hinfheistíocht oiriúnach, go dtiocfaidh fís an todhchaí faoi bhláth ar mhaithe le maireachtaint, obair, folláine agus daoine a mhealladh ar chuairt.

# SPRIOCRÉIMSE 1| GAOLUINN, CULTÚR & NA hEALAÍONA

| | AN MOLADH | CÉARD? | CONAS? | BAILE FEARAINN | CÉ/CATHAIN? |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Gníomhaíochta éagsúla a eagrú don phobal ar mhaith le labhairt na teanga. | Ranganna, imeachtaí, cúrsaí agus gníomhaíochta éagsúla a cur ar siúl i gcaitheamh na bliana ar mhaithe le Gaoluinne a fhorbairt, fheabhsú agus chleachtadh, ar nós;<br>Club dramaíochta<br>Cómórtas amhránaíochta Sheáin Uí Shíocháin (Cill na Martra)<br>'Paint & Sip'<br><br>Ranganna agus imeachtaí, trí Ghaoluinn le tuistí agus a bpáistí (réamhscoil, bunscoil, meánscoil agus níos sine) ar nós;<br>Ealaín<br>Cócaireacht<br>Aclaíocht<br>Aerobics<br>Bingo<br>Cartaí<br>Cócaireacht<br>Ealaín do thuistí lena lapadáin<br>Fuáil<br>Sraith Sacair le tuistí agus a bpáistí | Coiste Sóisialta a bhunú ina bhfuil ionadaithe ó gach baile sa cheantar chun forbairt a dhéanamh ar imeachtaí agus eile trí Ghaoluinn.<br><br>Buisead cuí a chur ar fáil don choiste.<br><br>Plean bliana a chur le chéile agus ag braith ar shéasúr, gníomhaíochtaí a rith a fhreastalóidh ar mhóramh an cheantair.<br><br>Liosta múinteoirí, teagascóirí agus éascaitheoirí a bhailiú a bheadh sásta múinteadh ar chúrsa/gníomh i rith na bliana. Fáil amach an mbeidís in ann freastal trí Ghaoluinn.<br><br>Tacaíochtaí Gaoluinne a chur ar fáil d'eascaitheoirí ar bheagán Ghaoluinne<br><br>Fógraíochta fairsing a dhéanamh ar mhaithe le cuimsiú. | An ceantar uile | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Oifigeach Pleanála Teanga<br><br>*(Gearrthéarmach)* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Tacaíochtaí taistil a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé de chumas acu taisteal as a stuama fhéin. | | |
| 2. | Oifigeach Gaoluinne a bheith ar choistí, bhoird agus i gclubanna. | Go mbeadh duine ainmnithe a bheadh toiltneacht tacaíochtaí agus eolais a fháil chun Gaoluinn, go háirithe, labhairt na Gaoluinne agus fógraíocht a méadú ina gcoist.<br><br>Liosta frásaí a chur le chéile a bheadh úsáídeach do thraenálaithe fóirne.<br><br>Cúntóir teanga a bheith ar fáil d'fhoghlaimeoirí nuair a bhíonn rang ar siúl nó traenáil.<br><br>Ranganna Gaoluinne a chur ar fáil do thraenálaithe spóirt | Suirbhé a dhéanamh ar choistí, bhoird agus clubanna ag lorg eolais faoi tacaíochtaí a oirfeadh dóibh.<br><br>Go ndéanfadh an oifigeacht pleanála nasc le hOifigigh Gaoluinne ar na coistí ar bhonn tacaíochta.<br><br>Liosta cúntóirí teanga a bhailiú a bheadh sásta tacú leis seo.<br><br>Maoiniú a bheith ar fáil chun tacú leis | | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>An Oifig Pleanála Teanga<br><br>(Gearrthéarmach) |
| 3. | Aifreann agus seirbhísí eaglaise a chaobhnú agus a bheith ar fáil trí Ghaoluinn | Tá seirbhísí eaglaise á mheath go háirithe trí Ghaoluinn. Lorgaíonn pobal an cheantair tacaíocht chun na seirbhísí seo a chaobhnú trí Ghaoluinn | Tacaíochtaí a chur ar fáil don sagairt aitiúla a fhrestalaíonn ar an gceantar seo feidhmiú trí Ghaoluinn, go háírithe ag aifreann.<br><br>Teangmhail leis an sagart áitiúil agus na sagairt a bheidh ag céiliúradh aifrinn chun tacaíochta a chur ar fáil dóibh. | Réidh na nDoirí<br>Cill na Martra | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Oifigeach Pleanála Teanga<br><br>*(Gearrthéarmach)* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4. | Tacaíochtaí a chur ar fáil do thuismitheoirí chun tacú lena bpáistí | *Is dúshlán é d'aon chlann ina bhfuil a bpáistí ag tabhairt faoi scolaíocht i scoileanna T1 (Teanga 1 – Trí Ghaoluinn) agus cruthaítear dúshláin sa bhreis do thuismitheoirí ar bheagán Ghaoluinne.*<br><br>*Tá tacaíochtaí breise uathu a thacóidh le hobair bhaile, frásaí a mhiniú, téarmaíocht a fhiosrú.*<br><br>*a) Moltar go mbeadh seirbhís tacaíochta ar fáil, glaoch a chur nó ríomhphost a sheoladh agus gheobhfá cúnamh lastigh d'achar ama réasúnta.*<br><br>*b) Scéim an chúntóir Teanga- Duine liofa sa Ghaoluinn a thabhairt isteach sa tigh a thacódh le Gaoluinn a bhunú sa tigh agus comhrá Gaoluinne a fheabhsú.* | Is fiú nasc leis na scoileanna agus an Plean Oideachais Gaeltachta sa scoil.<br><br>Moltaí a bhailiú ó ghealsheabhóirí, scéim tacaíochta a scríobh agus scéim píolótach a chur i bhfeidhm agus freastail ar moltaí a) agus b).<br><br>Suirbhé a dhéanamh ag fiosrú éilimh<br><br>Maoiniú a fháil do na scéimeanna<br><br>Monatóireacht ar an scéim agus moltaí a bhailiú chun é a fheabhsú.<br><br>Meastóireacht a dhéanamh ar an scéim lastigh d'achar ama aontaithe ar mhaith le feabhas agus forbairt. | An Ceantar uile | Roinn Oideachais agus Oiliúna<br><br>Roinn na Gaeltachta<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>An Oifig Pleanála Teanga<br><br>*(Meántéarmach)* |
| 5. | Coinníollacha Teanga a chur i bhfeidhm a thacódh le Gaoluinn áitiúil a chaobhnú | Coinníollacha teanga a bhrostú i leith tithíocht sa cheantar ina bhfuil tacaíochtaí agus tús áite ann do teaglaigh le Gaoluinne. Cuirfear tús áite do teaglaigh le Gaoluinn ar liostaí feithimh do thithíochta, a thacódh le pobal Gaoluinne a láidiriú. | Fiosróidh An Oifig Pleanála Teanga Mhúscraí faoin dul chun chinn maidir leis an moladh seo. | An Ceantar uile | Roinn na Gaeltachta<br><br>Udarás na Gaeltachta<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>An Oifig Pleanála Teanga<br><br>*(Gearrthéarmach)* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6. | Comótais Lúibiní agus Agallamh Beirte, Oireachtas na Gaeilge a thabhairt go Cúil Aodha | Moltar Comórtais a mhealladh go dtí Gaeltacht Mhúscraí atá 25 nóimead ó Chill Áirne.<br><br>Tá saibhreas lúibiní agus Agallamh Beirte sa cheantar seo agus ba bhreá an deis é sin a chéiliúradh.<br><br>Tacódh sé seo le branda Mhúscraí a scaipeadh ar fud na tíre agus turasóireacht go dtí an cheantar. | Tairiscint ó Chomharchumann Forbartha Mhúscraí a sheoladh go Cathaoirleach, Bord an Oireachtais.<br><br>Meitheal a chur le chéile chun na hocáide a eagrú. | Cúil Aodha | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>An Oifig Pleanála Teanga<br><br>An Oifig Turasóireachta<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>*(Gearrthéarmach)* |
| 7. | Ceardlanna ar scileanna scríobhneoireachta a eagrú. | Sraith ceardlanna a eagrú chun scileanna scríobhneoireacht a fheabhsú do dhaoine go bhfuil suim acu Agallamh beirte & Lúibiní a scríobh.<br><br>Comórtais áitiúla a rith ar mhaithe le sprioc na gceardlanna. | Coiste a bhunú chun sraith ceardlanna a chur ar fáil i suíomh lárnach.<br><br>Nasc leis na pleananna oideachais Gaeltachta sna scoileanna maguaird chun plean cuimsitheach a bhunú agus múinteoirí an cheantair a mhealladh go dtí na ceardlanna.<br><br>Líosta eascaitheoirí agus teagascóirí áitiúla a chur le chéile.<br><br>Suíomh oiriúnach a fháil agus fógraíocht a dhéanamh d'aon duine go bhfuil suim acu ann.<br><br>Comórtais a eagrú chun na hoibre seo a léiriú agus ullmhú do chomórtais naisiúnta. | An Ceantar uile | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Scoileanna an cheantair<br><br>Oifigeach Pleanála Teanga.<br><br>*(Meántéarmach)* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Na tionscadail seo a bheith le feiscint in éagrán áitiúil nó suíomh. | | |
| 8. | Seirbhís aistriúcháin do chumann, choistí agus ghnólachtaí | Tacaíocht a chur ar fáil do chumann, choistí agus ghnólachtaí feidhmiú trí Ghaoluinn. Moltar go mbeadh 100 focal saor in aisce, mar shampla d'fhograí ar mheán sóisialta nó postaeir. | Taighde a dhéanamh faoi chóras cosúil leis seo i gceantar eile agus moltaí deachleachtais a fháil.<br><br>Aistritheoirí a earcú<br><br>Polasaí maidir le húsáid na seirbhíse a chumadh.<br><br>Maoiniú a fháil chuige. | An Ceantar uile | Comharchumann Forbartha Mhúscraí.<br><br>An Oifig Pleanála Teanga<br><br>*(Gearrthéarmach)* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 9. | Scéim Cárta dílseachta do labhairt na Gaoluinne | Scéim cáta dílseachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le labhairt na Gaoluinne a spreagadh.<br><br>Tar éis gnó a dhéanamh sna gnólachtaí rannpháirteach, gheofaí stampa ar an gcáta as gnó a dhéanamh trí Ghaoluinn. Nuair a bheidh cáta líonta bheadh luach saothar ar fáil, mar shampla; cupán caifé nó tae i ngnó aitheanta sa scéim.<br><br>Aontaíonn daoine le cártaí lán(lena sonraí teangmhála tugtha ar an gcárta), nuachtlitir agus fógraíocht eile a bhaineann le Mhúscraí a ghlacadh, ionas go mbeadh réimse níos leithne den phobal ag fáil eolas maidir le himeachtaí & rl.<br><br>Cártaí lá a chur i gcrannchur do chiseán táirgí áitiúla, le heagrú , roinnt uaire, i rith na bliana. | Plean a chur le chéile don moladh seo, ag thabhairt san áireamh; gnóthlachtaí a léiríonn suime tacú leis an scéim.<br><br>Liosta a chur le chéile do ghnólachtaí a bheadh sásta glacadh leis na cátaí lán agus luach saothar a dáileadh. Próiséis gur féidir leis na gnóthlachtaí seo a gcostaisí a fháil ar ais.<br><br>Crannchur & Duaiseanna a eagrú.<br><br>An scéim seo a fhógairt. | An Ceantar uile | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>An Oifig Pleanála teanga.<br><br>*(Gearrthéarmach)* |
| 10. | Céiliúradh Naomh Abán | Go mbeidh aird agus aitheantas níos mó ar Naomh Abán, go háirithe ar lá a fhéile (16ú Márta) | Plean imeachtaí a cheapadh agus fógraíocht<br><br>Stair an naoimh a bhailiú agus roinnt i nuachtlitir | Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre | Comharchumann Forbartha Mhúscraí |

# SPRIOCRÉIMSE 2| TURASÓIREACHT

| | AN MOLADH | CÉARD? | CONAS? | BAILE FEARAINN | CÉ/CATHAIN? |
|---|---|---|---|---|---|
| 11. | Scéim Rothair leictreach a chur ar fháil, ar chíos timpeall Mhúscraí | Suíomhanna a bheith lonnaithe timpeall an cheantar uile go bhféadfá rothar leictreach a fháil ar chíos, do thréimhse.<br>Bheadh stasúin féinfhreastal lonnaithe timpeall chun iad a thabhairt thar n-ais chuige, (ní gá iad a thabhart thar n-ais go dtí an suíomh céanna.) | Áiteanna oiriúnacha do na stasúin a roghnú, agus infreastrúchtúr a fhiosrú.<br><br>Údarás na Gaeltachta chun tacú le gnó príobháideach an togra a fhorbairt.<br><br>Nó<br><br>Comhlacht a fhostú chun an moladh seo a thriail agus ansan a bhunú. | An Ceantar uile | Oifigeach Turasóireachta<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>*(Fadtéarmach)* |
| 12. | Ionad Gníomhaíochta i– Zip-Line trí Ghaoluinn | Ionad Gníomhaíochta a bhunú i Réidh na nDóirí. Moladh ‘Zip-Lining’ i suíomh ina mbeadh Gaoluinne chun tosaigh.<br>Comhlachtaí, Scoileanna, ollscoileanna agus turasóirí a mhealladh chun na háite chun tabhairt faoin gníomh seo ar mhaithe le spraoi agus forbairt fóirne. Cuirfear na hacmhainní seo ar fáil trí Ghaoluinn agus dhátheangach. | Staidéar féidearthachta a dhéánamh chun maoiniú, suíomh, costais reatha, éíleamh & rl. a iniúchadh.<br><br>Má tá torthaí dearfacha ag teacht ón staidéar, plean máistreachta a chruthú don tógra agus iarratas pleanála a ullmhú agus a chur isteach.<br><br>Má éiríonn leis an gcead pleanála, maoniú a lorg agus an tógra a críochnú | Réidh na nDóirí | Oifigeach Turasóireachta<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>*(Fadtéarmach)* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 13. | Siúlóidí Mhúscraí a fhorbairt | Infrastrúchtúr na siúlóidí seo a fhorbairt agus fheabhsú.<br>Fógraí agus pollaí sóiléir a úasghrádú.<br>Cód QR a chur ar na pollaí agus fógraí ina bhfuil nasc don mapa digiteach agus Stair, Cúltúr, áiteanna suimiúla a bheith ar fáil san nasc sin chomhmaith.<br>Fógraíocht ar na pollaí agus fógraí do ghnóthlachtaí áitiúla.<br><br>Comhaontú le Coillte maidir leis na foraisí faoi chúraim Coillte, go mbeidh cuid acu ina bpáirc caitheamh aimsire agus cosán nó slí ann do dhaoine siúl ann; mar shampla; Cois abhainn an tsuláin ó Bhaile Mhuirne go Barr an Chuma | Is tréimhse spreagúil é ina bhfuil Mapa digiteacha cruthaithe. Is tabhacht é fógraíocht a dhéanamh ina leith.<br><br>Slí Ghaeltacht Mhúscraí a fhógairt mar áis taitneamhach an cheantair.<br><br>Taighde a dhéanamh ar an dtalamh faoin infrastrúchtú atá ann cheana féile agus cá bhfuil infhéistíocht ag teastáil.<br><br>Tairiscint a sheoladh go comhlachtaí chun pollaí agus fógraíochta a úasghrádú.<br><br>Ionchur gnólachtaí a fháil maidir le fógraíocht ar na siúlóidí.<br><br>Cuirfear comhairliúcháin ar siúl le Coillte d'fhonn teacht ar réiteach is inghlactha go coiteann I leith na páirceanna caitheamh aimsire agus slite siúlóide | An Ceantar uile | Oifigeach Turasóireachta<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>Coillte<br><br>Meitheal Turasóireachta Mhúscraí<br><br>*(Meantéarmach)* |
| 14. | Stair agus Cultúr an cheantair a bheith léirithe i bhfoirm bord eolais. | Fógraí & Comharthaí staire a ullmhú agus a lonnú timpeall an cheantair.<br>Aip seandálaíochta a fhorbairt ag tabhairt eolais ar láthair na suíomhanna, logainmneacha, stair an cheantair & rl. | Coiste a bhunú chun céimeanna éagsúla agus ualach na hoibre a roinnt.<br><br>Teangmháil le staraithe, saineolaithe agus Acadamh Fodhla chun plean a chur le chéile. | An Ceantar uile | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>Oifigeach Turasóireacht |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Urraíocht agus maoiniú a fháil chun an plean seo a achtú.<br><br>Ealaínteoirí áitiúla a lorg chun ionchur cruthaithe a bheith san obair. | | An Oifig Pleanála Teanga<br><br>(Fadtéarmach) |
| 15. | Pleananna turais a ullmhú don cheantar agus a bheith ar fáil in ionaid turasóireachta | Go mbeadh pleananna turais cuimsitheach ar fáil chun daoine a mhealladh go dtí na bailte sa cheantar. Is fiú an t-eolas seo a roinnt le cumhlachtaí turasóireachta, turasanna scoile agus ollscoile. Is fiú pacáistí a chur le chéile do pháistí óga, daltaí ag aois na bunscoile, déagóirí óga agus aosta, &rl.<br>Moltar áiseanna, gnólachtaí a luíonn le turasóireacht, imeachtaí, iarsmaí &rl. mar aon le caiféanna, bialanna, tithe tabhairne | Taighde a dhéanamh ar na gnóthlachtaí a bheadh ag iarraidh a bheith sa phlean.<br><br>Tacú leis na gnóthlachtaí a suíomh a chur in oiriúnt don forbairt ghnó seo.<br><br>Coiste turasóireacht a thacú i leith na hoibre seo.<br><br>Feachtas Fógraíochta a fhorbairt. | An ceantar uile | Oifigeach Turasóireachta<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>(Gearrthéarmach) |
| 16. | Suíomh idirlín do thurasóireacht sa cheantar a bhrostú agus forbairt ar láithreacht ar na meáin shóisealta. | Suíomh idirlín ina mbeadh liosta nó féilire imeachta a fháil a bheadh suas chun dáta agus le nascanna go dtí na meáin shóisialta.<br><br>Instagram agus tiktok Mhúscraí a chruthú.<br><br>Aipeanna ar nós 'Ingress' agus 'Geocashing' a iniúchadh ar mhaith le turasóireacht chun tacú le margaíocht agus turasóireaht sa cheantar. | Féilire imeachtaí (Moladh) a bheith ar an suíomh. Eolas a úasdhátú go rialta.<br><br>Coiste a bhunú (le deagóirí san áireamh) chun tuairimí a bhaineann leis na aipeanna a fhorbairt agus fógra mearscaipthe a chruthú do Mhúscraí mar sprioc.<br><br>Iniúchadh a dhéanamh ar aipeanna eile a d'fhéadfadh tacú le branda Mhúscraí a scaipeadh. | An Ceantar uile | Oifigeach Turasóireachta<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>(Gearrthéarmach) |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 17. | Seirbhís bus a leathnú ó Mháigh Chromtha go Beanntraí agus thar n-ais dhá lá sa tseachtain | Tacódh sé seo le daoine ag maireachtaint sa cheantar chomh maith le daoine a thabhairt isteach sa cheantar. | Tacú le coiste turasóireahta Mhúscraí atá i mbun oibre leis seo. | Béal Átha an Ghaorthaidh | Oifigeach turasóireachta<br>Coiste Turasóireachta<br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br>Comhairle Chontae Chorcaí<br>*(Meántéarmach)* |
| 18. | Díol spéise agus áiteanna suime a fhorbairt i mBéal Átha an Ghaorthaigh | Deiseanna turasóireacht a fhorbairt sa bhaile ionas go mbeadh turasóirí ag stopadh a chuireadh le saol sóisialta agus eacnamaíocht an bhaile.<br>Tá forbairt agus infheistíocht ag teastail do;<br>An Súgán<br>Bealach Gorm<br>Ráth an Ghaiscígh | Tacú le meitheal forbartha sa bhaile agus maoiniú a chur ar fáil chun tacú leis na forbairtí seo.<br>Údarás na Gaeltachta ag tacú le café agus músaem a fhorbairt. | Béal Átha an Ghaorthaidh | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br>Oifigeach Turasóireachta<br>Údarás na Gaeltachta<br>*(Fadtéarmach)* |
| 19. | Ionad Eolais Turasóireachta | Ionad Eolais a lonnú i suíomh oiriúnach ar mhaithe le turasóirí a chabhrú, mar aon le targaí breise a léiriú ón gceantar.<br>Feidireachtaí eile;<br>Táirgí áitiúla ar díol, café & rl. | Le fiosrú le Fáilte Éireann agus Údarás na Gaeltachta | Suíomh oiriúnacha le roghnú ar mhaithe leis an gceantar uile. | Oifigeach Turasóireachta<br>Údarás na Gaeltachta<br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | *(Fadtéarmach)* |
| 20. | Turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt | Feachtas i leith thurasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt chun turasóirí inbhuanaithe a mhealladh go dtí an cheantar. | Oiliúnt agus tacaíocht a chur ar fáil ionas go mbeidh na forbairtí ag teacht leis an sprioc. | An Ceantar uile | Oifigeach Turasóireachta<br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br>*(Meántéarmach)* |
| 21. | Mol chultúrtha le saineolas ar thurasóireacht chultúrtha agus forbairt inbhuanaithe | Go mbeidh an Gteic i mBéal Átha an Ghaorthaidh ag feidhmiú mar mhol chultúrtha do ghnólachtaí nua-thionscanta agus aitheanta mar suíomh le saineolas ar thurasóireacht chultúrtha agus forbairt inbhuanaithe. | Plean forbartha le cur le chéile ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí | Béal Átha an Ghaorthaidh | Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br>*(Fadthéarmach)* |

# SPRIOCRÉIMSE 3| AN GHAELTACHT GHLAS |FUINNEAMH INATHNUAITE

| | AN MOLADH | CÉARD? | CONAS? | BAILE FEARAINN | CÉ/ CATHAIN? |
|---|---|---|---|---|---|
| 22. | Carn múirín lánach a lonnú i mbaile Chúil Aodha | Carn múírín a bhúnú i suíomh lárnach.<br>Ceardlanna a rith a mhúintear conas é a úsáid. | Tuairimí a fháil ó Choiste na Bailte Slachtmhara faoi suíomh oiriúnach.<br>Saineolaí a cheapadh chun ceardlannaí ar úsáid agus chothabháil an chairn a rith. | Cúil Aodha | Coiste na Bailte Slachtmhara<br><br>Coiste an Mhúscraí Glas<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>*(Gearrthéarmach)* |
| 23. | Pointí luchtaithe leictrigh | Pointí luchtaithe leictrigh a bhúnú timpeall an cheantair do ghluaisteáin leictreacha | Togra do Chomhairle Contae faoi Scéim Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | An Ceantar uile | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann<br><br>Comhair Contae<br><br>Comharchumann Forbartha Mhúscraí<br><br>*(Gearrthéarmach)* |
